Ba mhaith linn buíochas a ghabháil libh as an suirbhé úsáideoirí a líonadh. Tháinig go leor moltaí maithe as agus aiseolas fónta. Cé nach féidir linn gach uile mholadh a chur i bhfeidhm, tá sé beartaithe againn aghaidh a thabhairt ar na rudaí seo a leanas de réir a chéile:

- Beathaí a scríobh ar bhealach cosúil le ciclipéidí: De réir mar a scagtar breis meiteashonraí as na beathaí, léireofar breis meiteashonraí sa bhosca eolais atá le gach beatha (ar bharr, ar dheis).
- Naisc chuig ainm.ie ar Facebook agus Twitter a chur ar an suíomh: Tá cuntais Facebook agus Twitter ag Ainm cheana; is féidir iad a fheiceáil ag http://www.facebook.com/pages/ainmie/166185116812434 agus https://twitter.com/ainm_ie.